Neamhord Eispriseach Teanga

I ndaltaí a mbíonn neamhord eispriseach teanga orthu bíonn fadhbanna acu le teanga ó bhéal a úsáid nó le cúrsaí cainte. Go hiondúil is fearr tuiscint na ndaltaí seo ar chúrsaí teanga ná a gcumas cumarsáide le focail labhartha. Seans nach mbeidh fonn cainte orthu agus go mbainfidh siad úsáid as pointeáil nó as comharthaíocht chun teachtaireacht a chur in iúl. Seans nach mbeidh aon athrú i dtuin ná in airde agus iad ag caint. Seans go mbeidh lagú breise i súgradh samhlaíoch agus in úsáid shóisialta na teanga. Seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí agus iad ag cur síos ar rudaí, ag sainmhíniú rudaí agus ag míniú rudaí, agus ag athinsint scéalta/eachtraí. Seans go n-úsáidfidh daltaí frásaí folmha agus focail neamhshonracha toisc go bhfuil stór teoranta focal acu. Seans go rachaidh deacrachtaí eispriseacha teanga i bhfeidhm ar chumais na ndaltaí maidir le scríbhneoireacht, litriú, cumadóireacht abairtí/aistí agus rud ar bith ach amháin na ceisteanna is simplí a fhreagairt. Seans go mbeidh fianaise ann maidir le heasnamh na bhfocal feidhme, agus marcóirí gramadaí (m.sh. foircinn aimsire) i dteanga na ndaltaí. Seans go mbeidh deacrachtaí le sonrú i bhfoirmiú abairtí iomlána agus i dtuiscint focail ilbhríocha. Seans go mbeidh deacrachtaí ann maidir le caidrimh a bhunú agus a chothabháil le piaraí.

Neamhord Iomlán Teanga

Bíonn neamhord iomlán teanga ag daltaí áirithe agus bíonn deacrachtaí acu le teanga ghlacach agus teanga eispriseach araon. Bíonn tionchar ag neamhoird iomlán teanga ar thuiscint agus ar úsáid na teanga araon.

Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Úsáid rudaí nithiúla chun tuiscint na bhfocal agus na gcoincheap a theagasc agus téigh i gcéimeanna ón rud nithiúil chuig an rud teibí.
- Seiceáil go minic an dtuigeann na daltaí na rudaí atá ag dul ar aghaidh.
- Cuir daltaí ina suí in áit éigin a bhfeicfidh siad noda, leideanna nó straitéisí eile go héasca le linn foghlama agus teagaisc.
- Sula dtosaíonn tú comhrá, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil aird an dalta faighte agat.
- Labhair níos moille, más gá, toisc go gcabhraíonn seo le próiseáil an eolais. Ach, tá sé tábhachtach nach labhraíonn tú chomh mall sin is go gcailleann tú leanúnachas na teachtaireachta.
- I ndaltaí a mbíonn neamhord glacach trom teanga orthu, seans go mbeidh ort áibhéil a dhéanamh agus gothaí a úsáid agus tú ag cabhrú leo chun tuiscint a fháil ar mhíniú focail atá mar shiombail ar rud nó ar ghníomh. Ag brath ar aois na ndaltaí, bíonn sé áisiúil uaireanta go mbíonn na daltaí rannpháirteach i roghnú na straitéise is fearr a oibríonn dóibh féin.
- Úsáid pictiúir nó grianghraif chun atreisiú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an stór focal atá múinte.
- Bain feidhm as rólghlacadh mar ghné rialta na foghlama teanga toisc go gcabhraíonn sé seo le sealaíocht a dhéanamh ar róil an chainteora/éisteora.
- Is deacair do na daltaí seo abairtí a thuiscint, agus go minic bíonn deacrachtaí acu sa seomra ranga le treoracha a leanúint agus le heaspa tuisceana ar chaint ó bhéal. Tabhair treoracha simplí do na daltaí in abairtí sa dóigh is go mbeidh taithí acu ar thuiscint abairtí (m.sh. 'Cuir an leabhar ar an mbord', srl). Cinntigh go ndéanann daltaí athrá ar an méid atá cloiste acu chun a dtuiscint a sheiceáil.
- Is féidir gníomhaíochtaí éagsúla a úsáid chun gníomhaíochtaí teanga ó bhéal a fhorbairt, mar shampla, comhráite, díospóireachtaí, craolacháin raidió/teilifíse, puipéadóireacht, teileafónaíocht, tuairisciú, agallaimh a chur, scéalta grinn/tomhais, tuairiscí leabhair agus rólghlacadh.
- Is féidir foghlaim chomhoibritheach a úsáid chun comhrá a spreagadh.
- Ba chóir go mbeadh rialacha soiléire ann a deir go bhfuil an luach céanna ar gach rud a deir gach dalta in aon phlé sa rang.
- Cuimhnigh go mbíonn baint ag an míthuiscint leis an iompraíocht agus/nó le fadhbanna sóisialta.
- Seans go mbeidh ar dhaltaí áirithe freastal ar sheisiúin teiripe urlabhra agus teanga le linn am scoile, déan iarracht a chinntiú nach mbíonn daltaí as láthair don ábhar/gníomhaíocht chéanna i gcónaí.

Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Afasic UK (cumann, do dhaltaí agus dhaoine óga a bhfuil máchail urlabhra agus teanga orthu, agus dá dteaghlaigh), láithreán gréasáin: http://www.afasic.org.uk/

2. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) *An Evaluation of Classes for Pupils with Specific Speech and Language Disorder,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, atá le híoslódáil ó: http://www.sess.ie/

3. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007) *Ciorclán 0038/2007: 'Criteria for Enrolment in Special Classes for Pupils with Specific Speech and Language Disorder',* íoslódáil ó http://www.education.ie/

4. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) Ciorclán SP ED 02/05: *'Organisation of Teaching Resources for Pupils Who Need Additional Support in Mainstream Primary Schools',* íoslódáil ó: http://www.education.ie/

5. Castle, F., Blamires, M. agus Tod, J. (1999) *Individual Education Plans: Speech and Language (IEPs)*, Londain: David Fulton Publishers.

6. Cumann na hÉireann um Theiripeoirí Urlabhra agus Teanga (IASLT) 29 Plás Ghairdinéir, Baile Átha Cliath 1. Teil: 01 8780215.

7. Dockrell, J. agus Messer, D. (1999) *Children's Language and Communication Difficulties,* Londain: Cassell.

8. Fleming, P., Miller, C. agus Wright, J. (2001) *Speech and Language Difficulties in Education: Approaches to Collaborative Practice for Teachers and Speech and Language Therapists,* Bicester: Speechmark.

9. Hayden, S. agus Jordan, E. (2007) *Language for Learning: A Practical Guide for Supporting Pupils with Language and Communication Difficulties Across the Curriculum,* Londain: David Fulton Publishers.

10. *I CAN* (eagraíocht charthanachta náisiúnta sa RA do dhaltaí le deacrachtaí urlabhra agus teanga), láithreán gréasáin: http://www.ican.org.uk/

11. Martin, D. (2000) *Teaching Children with Speech and Language Difficulties,* Londain: David Fulton Publishers.

12. Ripley, K., Barrett, J. agus Fleming, P. (2001) *Inclusion for Children with Speech and Language Impairments: Accessing the Curriculum and Promoting Personal and Social Development,* Londain: David Fulton Publishers.

13. Rustin, L., Cook, F., Botterill, W., Hughes, C. agus Kelman, E. (2001) *Stammering: A Practical Guide for Teachers and Other Professionals,* Londain: David Fulton Publishers.

14. Stuart, L., Wright, F., Grigor, S. agus Howey, A. (2002) *Spoken Language Difficulties: Practical Strategies and Activities for Teachers and Other Professionals,* Londain: David Fulton Publishers.

15. Thompson, G. (2003) *Supporting Communication Disorders: A Handbook for Teachers and Teaching Assistants,* Londain: David Fulton Publishers.

Notaí